Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Scéim Deontais um Leasúchán Luaidhe Baile

## Ceisteanna coitianta

**30 Samhain 2022**

Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/tithíocht

Nóta: Ba cheart na CCanna seo a léamh i gcomhar leis na Téarmaí agus Coinníollacha don Scéim Deontais um Leasúchán Luaidhe Baile, L2/22 Ciorclán agus Ionstraim Reachtúil Uimh. 519/2022, arb féidir é a rochtain anseo.

## Achoimre Ghairid

Tá an Scéim Deontais um Leasúchán Luaidhe Baile ann ó 2016 i leith agus tá na critéir cháilitheachta leasaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le héifeacht ón 1ú Nollaig 2022.

Is miotal de thionscnamh ó nádúr í luaidhe a baineadh úsáid aisti le haghaidh píboibre agus pluiméireachta i roinnt tithe a tógadh suas go dtí, agus le linn, na 1970í. Mar sin féin, tá teagmháil le luaidhe in uisce óil aitheanta mar riosca sláinte phoiblí tromchúiseach. Tugadh an scéim deontais isteach de réir Straitéis Náisiúnta Luaidhe an Rialtais chun teagmháil daoine le luaidhe in uisce óil a laghdú.

Is í aidhm an deontais ná cuidiú le teaghlaigh leis an gcostas de phíobáin nua a chur in ionad na bpíobán luaidhe agus feistis laistigh de theorainneacha na réadmhaoine. Tá an deontas ar fáil má fhaigheann tú soláthar uisce ó sholáthraí uisce príobháideach nó poiblí.

De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, níl aon leibhéal de luaidhe in uisce óil atá go hiomlán sábháilte. Is é an bealach is fearr agus is éifeachtaí chun dul i ngleic le luaidhe in uisce óil, ná píobáin nua a chur in ionad na bpíobán luaidhe agus na pluiméireachta luaidhe ar fad a thugann uisce óil chuig an teach atá i gceist.

**Riarfar an Scéim Deontais um Leasachán Luaidhe Baile ag údaráis áitiúla thar ceann na Roinne. Ba cheart aon fhiosruithe maidir le hiarratas a dhéanamh ar an deontas a chuir ar d'údarás áitiúil ábhartha.**

## Ceisteanna Coitianta

**C1.** **Cad í an Scéim Deontais um Leasachán Luaidhe Baile?**

Cuireann an deontas cúnamh airgeadais ar fáil chun píobáin agus fearais nua a chur in ionad na bpíobán agus na bhfearas luaidhe laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí atá i gceist.

**C2.** **Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh uirthi?**

D'fhéadfadh duine a bheith incháilithe iarratas a dhéanamh ar dheontas ón údarás áitiúil atá acu, má tá píobáin luaidhe sa teach acu agus comhlíonann siad na critéir a leagtar amach i Téarmaí agus Coinníollacha na scéime deontais.

**C3.** **Cé na réadmhaoine atá incháilithe don deontas?**

Go bhfuil an réadmhaoin mar ghnátháit chónaithe ag an iarratasóir.

**C4.** **Má tá cónaí orm i gcóiríocht ar cíos, an bhfuilim i dteideal iarratas a dhéanamh ar an deontas seo?**

Chun críocha incháilitheachta, cuimsítear tionóntaí fadtéarmacha i measc gnátháiteanna cónaithe. Má tá cónaí ort in áitreabh príobháideach ar cíos fadtéarmach, **is fíor** gur féidir leat iarratas a dhéanamh, tráth go mbíonn cead faighte agat ó do thiarna talún.

**C5.** **Cad iad na réadmhaoine atá neamh-incháilithe don deontas seo?**

Níl réadmhaoin agus tithe saoire príobháideacha a oibrítear ar bhonn tráchtála ceadaithe (m.sh. ligean saoire gearrthéarmach, réadmhaoine féinfhreastail, carbháin/tithe soghluaiste, ionaid charbháin/tithe soghluaiste srl.). Ní cheadaítear réadmhaoin atá faoi úinéireacht údarás áitiúil, comhlachas tithíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte m.sh. ach oiread.

**C6. Cad é an próiseas iarratais?**

Tá na sonraí ar fad den phróiseas iarratais le fáil ag Téarmaí agus Coinníollacha den scéim deontais, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Fianaise de phíobáin agus fearais luaidhe laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí a chur ar fáil
- Ba cheart an méid seo a leanas a chur le hiarratas:
    - Cruthúnas íocaíochta agus sonraisc ó gach conraitheoir atá i mbun oibre
    - Deimhniú ó gach conraitheoir go bhfuil na hábhair agus fearais ar fad ar chaighdeán cuí
    - Asphrionta de dheimhniú ríomh-Imréitigh Cánach do gach conraitheoir atá i mbun oibre
- Más custaiméir tú d'Uisce Éireann, d'fhéadfá iarratas a dhéanamh ar Scéim Custaiméara Roghnaí dá gcuid.

**C7. Cad í an teorainn ioncaim?**

Tá an riachtanas tástála acmhainne bainte, ó tugadh isteach na coinníollacha deontais nua ón 1ú Nollaig 2022**.**

**C8. Cad é an 'córas dáileacháin inmheánach' i dteach?**

Ciallaíonn córas dáileacháin inmheánach go bhfuil cuid de chóras dáileacháin, laistigh de chúirtealáiste áitribh, a bhaintear úsáid as mar sholáthar uisce óil do dhaoine nó ar mhaithe le táirgeadh bia nó deochanna. Seo é an phíbobair agus na fearais uisce óil a leathnaíonn ó theorainn na réadmhaoine go dtí sconna na cistine.

**C9. Cén scóip d'oibreacha atá incháilithe don deontas?**

Cuirfidh an deontas cúnamh ar fáil don chostas díreach de phíobáin nua a chur in ionad na bpíobán luaidhe laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí atá i gceist. Tabhair faoi deara nach costais incháilithe iad aon chostas indíreach a thabhaíonn an t-iarratasóir iad féin.

(a) fógra ón soláthróir uisce ag tabhairt comhairle gur dócha go bhfuil píobáin luaidhe agus feistis ghaolmhara laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí atá i gceist, nó

(b) teastas arna dhátú laistigh de na sé mhí díreach roimh dháta an iarratais ó shaotharlann atá creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um

Chreidiúnú ag deimhniú luach paraiméadrach na luaidhe i soláthar uisce óil an tí atá i gceist, luach a sháraíonn an teorainn reachtaíochta 10μg/l, nó

(c) fógra ó ghairmí tógála cláraithe ag tabhairt comhairle go bhfuil píobáin luaidhe agus feistis ghaolmhara laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí atá i gceist.

**C11. Cad is gairmí tógála cláraithe ann?**

Is gairmí tógála cláraithe ceachtar acu seo a leanas:

- Ailtire ar an gclár arna chothabháil ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann faoi Alt 3 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007
- Innealtóir Cairte ar an gclár arna chothabháil ag Innealtóirí na hÉireann faoi Alt 7 den Acht um Institiúid Innealtóirí Sibhialta na hÉireann (Cairt a Leasú), 1969, nó
- Suirbhéir Foirgníochta ar an gclár arna chothabháil ag Alt 5 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007.

**C12. An féidir le pluiméir fianaise de phíobáin luaidhe i mo theach a thabhairt ar mhaithe le hincháilitheachta deontais?**

Ní féidir, faoi láthair ní féidir fianaise a thug pluiméir de phíobáin luaidhe sa teach atá i gceist, a úsáid ar mhaithe le hincháilitheacht don deontas, a chruthú. Is gá go mbeadh fianaise i bhfoirm fógra ó sholáthraí uisce, deimhniú ó shaotharlann nó gairmí tógála cláraithe (mar a shainítear i C10 agus C11 thuas).

**C13. Cad é an Incháilitheacht Deontais?**

- Ní mór do chostais na n-oibreacha €750 a shárú
- Ní mór don iarrthóir a bheith ina c(h)ónaí sa teach atá i gceist mar ghnátháit chónaithe
- Ní mór fianaise de phíobáin agus fearais luaidhe laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí atá i gceist a thabhairt de réir na dTéarmaí agus Coinníollacha.

**C14. An féidir liom iarratas a dhéanamh má tá na hoibreacha ábhartha críochnaithe agam roimh an 1ú Nollaig 2022?**

Is féidir, is féidir le duine a chuir píobáin agus fearais nua in ionad na bpíobán agus bhfearas luaidhe gaolmhara roimh an 1ú Nollaig 2022 iarratas a dhéanamh, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarrthóir na Téarmaí agus Coinníollacha ar fad den scéim deontais nua. Sa chás seo, ní féidir an fógra ó

ghairmí tógála cláraithe a úsáid chun cruthúnas de phíobáin luaidhe a thabhairt, toisc nach dtagann sé i bhfeidhm go dtí an 1ú Nollaig 2022. D'fhéadfá fianaise a úsáid i bhfoirm fógra ó sholáthraí uisce fós nó deimhniú ó shaotharlann, atá creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).

**C15. Cad í Scéim Roghnach Uisce Éireann agus an gá dom iarratas a uirthi?**

Más custaiméir Uisce Éireann tú agus faigheann tú d'uisce baile ón soláthar poiblí, cuirfidh Uisce Éireann píobáin nua in ionad aon phíobáin luaidhe ar an taobh poiblí suas go dtí do bhalla teorann, saor in aisce. Moltar duit dul i dteagmháil le hUisce Éireann maidir lena Scéim Custaiméara Roghnaí má tá tú amhrasach go bhfuil píobáin luaidhe agat. Sa chás seo, tá seans ann go mbeidh tú incháilithe chomh maith don deontas seo, chun cuidiú leis an gcostas de phíobáin nua a chur in ionad na bpíobán luaidhe ar thaobh príobháideach na réadmhaoine ón mballa teorann go dtí doirteal na cistine.

**C16. Cén duine a théim i dteagmháil leo in Uisce Éireann maidir le píobáin nua a chur in ionad na bpíobán ar an taobh poiblí?**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Scéim Roghnach um Athsholáthar Píobáin Luaidhe do Chustaiméirí Uisce Éireann, tabhair cuairt ar www.water.ie/lead nó glaoigh ar Uisce Éireann ar 1800 278 278 nó +353 1 707 2828.

gov.ie/tithíocht

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland